An tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta
National Biodiversity Data Centre

# Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

# Oifigeach Córas Faisnéise Geografaí (GIS)

**Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna.**

**An Dáta Deiridh le haghaidh Iarratas:**

**5 i.n. Dé hAoine an 22 Deireadh Fómhair 2026**

**(Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha)**

**AN POST**

## Cúlra

Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta an t-ionad státurraithe is úire atá curtha ar bun chun tacú le riachtanais maidir le sonraí agus faisnéis faoin mbithéagsúlacht chun dul i ngleic le Géarchéim na Bithéagsúlachta. Cuireadh an tIonad ar bun mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta i mí na Nollag 2022 i ndiaidh don Rialtas cinneadh a dhéanamh todhchaí an Ionaid a chosaint san fhadtéarma. Is é príomhról an Ionaid cur leis an mbunachar eolais atá ann maidir leis an mbithéagsúlacht agus na hathruithe in Éirinn ar an mbithéagsúlacht a rianú. Bítear ag obair san Ionad lena dheimhniú go mbíonn sonraí agus faisnéis maidir leis an mbithéagsúlacht in Éirinn so-aimsithe agus ar fáil go héasca lena n-úsáid sa taighde, sa bhainistiú caomhnaithe agus sa chinnteoireacht. Tosaíocht atá ag an Ionad ná a dheimhniú go mbíonn teacht éasca ar shonraí agus ar fhaisnéis chun tuiscint agus feasacht níos fearr ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Is eintiteas é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta atá á mhaoiniú go poiblí go príomha seachas comhlacht san earnáil phoiblí.

Ó cuireadh ar bun mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta é, tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta i ndiaidh dul faoi chéim bhunathraitheach. Tá struchtúir nua rialachais ann atá níos fearr ná mar a bhí, tá an Plean Straitéiseach cúig bliana curtha le chéile agus tá méadú faoi dhó nach mór tagtha ar fhoireann an Ionaid. Ar an ábhar sin, is fearr i bhfad anois atá an tIonad in ann tionchar ceart marthanach a imirt ar an eolas atá againn ar staid na bithéagsúlachta in Éirinn agus ar na gníomhartha fianaisebhunaithe is fearr atá ann le dul i ngleic le caillteanas na bithéagsúlachta.

Tá bonneagar fairsing digiteach bithéagsúlachta curtha le chéile ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a ndéanann an tIonad é a bhainistiú, an méid sin chun freastal ar chuid mhór de na riachtanais náisiúnta atá ann ó thaobh bainistiú sonraí bithéagsúlachta de. Cuirtear an bonneagar seo ar fáil d'eagraíochtaí comhpháirtíochta mar sheirbhís chomhroinnte chun cuidiú leo ina riachtanais ó thaobh bainistiú sonraí bithéagsúlachta de agus chun slógadh sonraí a éascú. Mar bhonn faoin mbonneagar seo tá bunachar náisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht ina bhfuil nach mór seacht milliún taifead tarlaithe speicis ó 199 tacar sonraí éagsúil.

Tá Foireann Seirbhísí Digiteacha curtha ar bun chun tacú le hobair an Ionaid agus chun cuidiú leis na daoine nua atá á n-earcú chun na foirne, a bhfuil an líon acu ag fás. Is iad Compass Informatics Limited an Comhpháirtí Tacaíochta Teicniúla atá ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta faoi láthair, agus i ndlúthchomhar leo tá an Fhoireann Seirbhísí Digiteacha freagrach as an bhfoireann iomlán de bhonneagar

digiteach bithaisnéisíochta a úsáidtear chun sonraí bithéagsúlachta a ghabháil, a bhainistiú, a thuairisciú agus a fhoilsiú.

Tá an Plean nuaghlactha de réir tosaíochtaí le haghaidh Bonneagar Digiteach deartha chun cur le bonneagar lárnach bithaisnéisíochta an ionaid, agus is éifeachtaí atá an t-ionad in ann tabhairt faoina sheacht chuspóir straitéiseacha dá réir: Sonraí a shlógadh, Athruithe a rianú, Bonn eolais a chur ar fáil don chinnteoireacht, Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt, Comhar idirnáisiúnta a éascú, Cumarsáid éifeachtach agus An bonn taifeadta a neartú.

I gcroílár an Phlean de réir Tosaíochtaí le haghaidh Bonneagar Digiteach tá an méadú lánscála ar ArcGIS (ar líne agus deisce) agus feidhmiú céimneach bhogearraí sreafa oibre sonraí FME – Form agus Flow san áireamh (logánta agus óstáilte). Ó tharla an sainchúram faoi leith atá ar an ionad agus an stádas nua atá aige mar charthanas, tá teacht anois ag an ionad ar chruach theicneolaíochta iomlán ArcGIS agus ar fhoireann bogearraí FME trí bhíthin comhaontuithe ceadúnaithe seachbhrabúsacha. Táthar ag scaoileadh le cumais dhigiteacha bhunathraitheacha sna deiseanna seo agus tá deiseanna úra ag teacht chun cinn dá bharr don tslí a ndéanann an t-ionad sonraí a ghabháil, a thiomsú, a anailísiú agus a chomhroinnt. A bhuí leis na timpeallachtaí nua ArcGIS agus FME, beidh ardán sofhreagrúil oiriúnach do ghléasanna móibíleacha ann. Fágfaidh sé sin go mbeidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta in ann freagairt go gasta do thionscnaimh agus tacú le baill foirne ina gcuid oibre eolaíochta chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a fheabhsú in Éirinn.

Tá ról an Oifigigh GIS curtha ar bun chun timpeallacht nua ArcGIS Online (AE) an ionaid a chur i bhfeidhm, a fhorbairt agus a riar, agus chun tacú leis an bhfoireann i bhfeidhmiú céimneach agus in úsáid ArcGIS Pro. Beidh an tOifigeach GIS ag obair go dlúth chomh maith leis an gCeannasaí Seirbhísí Digiteacha, agus le comhpháirtí tacaíochta FME an ionaid IMGS Limited, chun timpeallachtaí FME Flow an ionaid a riar agus a fhorbairt.

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta lonnaithe i dTeach Ghort na Feá, Campas Thiar OT an Oirdheiscirt, Cloch an Óir, Contae Phort Láirge. Beartas oibre cumaisc atá ann, agus tá baill den fhoireann lonnaithe i bPort Láirge agus ag obair ó chian. 30 ball foirne atá ann faoi láthair.

Más mian leat sonraí a fháil faoin ról agus faoi obair an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, ba chóir féachaint ar an suíomh gréasáin https://biodiversityireland.ie

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

Beidh na dualgais seo a leanas i measc phríomhdhualgais an róil:

- Tionónta ArcGIS Online (AE) a chur i bhfeidhm, a fhorbairt agus a riar.
- Tacú leis an bhfoireann i bhfeidhmiú céimneach agus in úsáid na bhfeidhmchlár ArcGIS Pro agus ArcGIS Online.
- Forbairt / cumrú fheidhmchláir ArcGIS Online (lena n-áirítear ArcGIS Story Maps, ArcGIS Dashboards, ArcGIS Hub Sites agus ArcGIS Experience Builder).
- Fóin chliste agus táibléid a úsáid chun réitigh mhóibíleacha GIS a fhorbairt, a chothabháil agus a chur i bhfeidhm (ArcGIS Survey 123, ArcGIS Field Maps agus ArcGIS Workforce).
- Bainistíocht sonraí GIS. Bailiú, bailíochtú, comhtháthú, ionramháil, saibhriú agus scaipeadh.
- Stór lárnach a chur i bhfeidhm, i gcomhar le Riarthóir na gCóras TFC, ionas go mbeidh tacair sonraí údarásacha agus spás oibre áirithe ag baill foirne le tionscadail a fhorbairt agus sócmhainní sonraí nua a ghiniúint.
- Bainistiú tionscadal, bainistiú oibríochtaí agus feidhmiú córais i gcomhthéacs GIS.
- Seirbhísí anailíse sonraí spásúla agus seirbhísí mapála a sholáthar do chustaiméirí inmheánacha – ullmhú mapaí sonraí agus tarlaithe san áireamh chun atlais a chur ar fáil.
- Anailís a dhéanamh ar bhearnaí i sonraí spásúla
- FME Forms a úsáid chun spásanna oibre casta a fhorbairt a dhéanann sonraí spásúla agus sonraí eile a léamh, a bhailíochtú, a iniúchadh, a chrostagairt, a ionramháil, a shaibhriú agus a scaipeadh.
- Oibriú le comhpháirtithe tacaíochta teicniúla agus le Esri Ireland chun fadhbanna tacaíochta teicniúla le ArcGIS agus FME ó lá go lá a réiteach agus chun tacaíocht túslíne / tacaíocht ar an láthair a thabhairt nuair is féidir.
- Cuidiú a thabhairt le riar, forbairt agus fothú acmhainneachta na timpeallachta FME Flow.
- Cláir agus ábhair oiriúnacha oiliúna a chur le chéile agus a riar.
- Plé le comhghleacaithe san Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus le páirtithe leasmhara chun réitigh ar líne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le riachtanais ghnó.

- Tacú le húsáid caighdeán agus dea-chleachtais i dtaca le catalógú meiteashonraí agus sonraí.
- Gníomhú mar chrann taca san eagraíocht – úsáid GIS, FME agus teicneolaíochtaí spásúla gaolmhara eile san Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a chur chun cinn ar mhaithe le cinnteoireacht thrédhearcach agus chun éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach.
- Coinneáil ar an eolas maidir le forbairtí ar theicneolaíocht ArcGIS agus FME agus deiseanna a aimsiú arbh fhiú don Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta iad a thapú.
- Forbairt leanúnach a dhéanamh ar scileanna ArcGIS, FME agus ar scileanna ginearálta GIS de réir mar a thagann athruithe ar an teicneolaíocht.
- Oibriú le Esri Ireland agus le SAFE Software lena dhearbhú go mbíonn na ceadúnais chuí ag an eagraíocht.
- Comhlíonadh an RGCS a dheimhniú.
- Oiliúint agus meantóireacht foirne.
- Dualgais eile a chomhlíonadh de réir mar a threoraítear nó mar is gá.

## Critéir Riachtanacha don ról

Is gá d'iarrthóirí an t-eolas cuí a thabhairt ina litir chumhdaigh agus Curriculum Vitae lena léiriú go ndéanann siad na critéir riachtanacha thíos go léir a shásamh.

Is gá do gach iarrthóir, faoin spriocdháta le haghaidh foirmeacha iarratais comhlánaithe, an méid seo a leanas a bheith bainte amach:

a) cáilíocht ar Leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) sa GIS, Geomaitic, Geosuirbhéireacht nó cáilíocht inchomparáide chomh maith le 2 bhliain ar a laghad de thaithí phraiticiúil chuí ar GIS, taithí a bhaineann go díreach leis an ról seo, ó do chuid fostaíochta go dtí seo;

**NÓ**

b) 3 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil chuí ar GIS agus teicneolaíocht Esri á húsáid, taithí atá bainteach go díreach leis an ról seo, ó do chuid fostaíochta go dtí seo;

**AGUS**

c)

- Eolas feidhmiúil breá ar phrionsabail córas faisnéise geografaí agus ar choincheapa mapála, mar shampla greillí, teilgin, trasfhoirmithe, ginearálú, cruinneas, beachtas, srl.

- Taithí ar Thionscadail GIS a bhainistiú ó thús go seachadadh.
- Eolas feidhmiúil an-mhaith ar ArcGIS Online, taithí phraiticiúil ar na comhpháirteanna seo a leanas san áireamh ar a laghad:
    - Bainistíocht Inneachair
    - Web AppBuilder nó Experience Builder
    - Survey 123 nó Field Maps
    - Deaiseanna
    - StoryMaps
- Eolas feidhmiúil an-mhaith ar ArcGIS Pro.
- Scileanna cumarsáide den scoth, idir labhartha agus scríofa, i mBéarla.
- Láncheadúnas glan tiomána Éireannach, de chuid an Aontais Eorpaigh nó de chuid na Ríochta Aontaithe.
- Cearta iomlána chun bheith ag obair in Éirinn.

## Critéir Bhreise Inmhianaithe don ról

- Gairmí Deimhnithe FME
- Eolas feidhmiúil an-mhaith ar FME Form agus ar spásanna oibre in-athdhéanta a thiomsú.
- Taithí phraiticiúil ar FME Flow agus/nó FME Cloud Hosted agus ar chomhpháirteanna mar na cinn seo a leanas:
    - Uathoibriú nó Tascanna Sceidealaithe
    - Fógraí
    - Aipeanna Spáis Oibre
- Taithí phraiticiúil ar láithreáin ArcGIS Hub a chumrú.
- Taithí ar úsáid agus ar chumrú seirbhísí mapála (ArcGIS REST, OGC).
- Eolas feidhmiúil ar bhunachair sonraí SQL Server.
- Oiliúint ar úsáid sonraí bithéagsúlachta agus éiceolaíochta.

## Beidh na buanna agus scileanna seo a leanas, nó cuid díobh, ag an iarrthóir cuí don ról:

- Eolas ar theicnící spásanailíse agus léirshamhlaithe.
- Taithí ar thacair sonraí spásúla a phróiseáil, a ghlanadh, a sheiceáil ó thaobh cáilíochta de, a iniúchadh, a chruthú agus a chothabháil.
- Taithí ar stóráil agus bainistiú sonraí geospásúla.
- Scileanna láidre cartagrafaíochta agus léirithe mapaí.
- Taithí ar thacaíocht theicniúil a thabhairt, ar aistriú scileanna agus ar oiliúint.

- Cumas léirithe réitigh theicniúla a dhéanamh de riachtanais ghnó agus torthaí a bhaint amach i dtimpeallacht ghasta a bhíonn de shíor ag athrú.
- Eolas ar Rialachas Sonraí agus ar choincheapa maidir le Sonraí Oscailte.
- Scileanna idirphearsanta, cumarsáide agus cur i láthair den scoth.
- Súil ghéar ar mhionsonraí, duine atá dírithe ar chruinneas agus a bhíonn de shíor ar thóir na foirfeachta, tréith a bhíonn soiléir i dtorthaí mapála ardchaighdeáin.
- Féintionscnóir agus duine a chuireann tionscadail i gcrích i gcónaí. Duine atá in ann tabhairt faoin bhféinfhoghlaim leanúnach agus smaointeoireacht nuálach, cloí le spriocdhátaí dochta agus atá dírithe ar thorthaí ardchaighdeáin a bhaint amach.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide. An cumas faisnéis chasta a chur i láthair pobal éisteachta ar bhealach soiléir gonta, is é sin pobal teicniúil agus pobal neamhtheicniúil araon.
- An cumas daoine a spreagadh le GIS a úsáid agus a chomhtháthú i gcleachtais laethúla oibre.

### Tuairisciú

Beidh an tOifigeach GIS ag obair faoin gCeannasaí Seirbhísí Digiteacha.

### Inniúlachtaí don Ról

Is gá don iarrthóir a cheapfar a léiriú go bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha acu don ról. Tá na hinniúlachtaí riachtanacha leagtha amach in aguisín 1.

## COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

### Tionacht

Post buan lánaimseartha atá ann.

### Tuarastal

Is é seo an scála tuarastail do phost an Oifigigh GIS:

€40,905 - €42,420 - €44,440 - €45,955 - €47,975 - €49,743 - €51,515 - €53,045 - €55,085, incrimintí á dtabhairt gach bliain faoi réir comhlíonadh sásúil oibre sa ról. Tar éis 3 bliana a chaitheamh ar an scála uasta, beidh Incrimint Fadseirbhíse go €56,616 (an chéad incrimint fadseirbhíse) ar fáil agus beidh Incrimint Fadseirbhíse eile go €58,146 (an dara hincrimint fadseirbhíse) ar fáil ansin tar éis 3 bliana eile, an dá incrimint sin faoi réir an ról a chomhlíonadh go sásúil.

Socrófar an pointe tosaigh ar an scála seo de réir taithí chuí.

### Saoire Bhliantúil

23 lá sa bhliain. 24 lá tar éis 5 bliana de sheirbhís agus 25 lá tar éis 10 mbliana de sheirbhís.

## Obair Sholúbtha agus Cianobair

Is é an t-ionad oibre a bheidh ann ná Ceanncheathrú an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Teach Ghort na Feá, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, an Campas Thiar, Cloch an Óir, Co. Phort Láirge, X91 PE03.

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta sásta socruithe solúbtha agus socruithe cianoibre a phlé nuair a bheidh an tréimhse phromhaidh sé mhí curtha i gcrích. Is tábhachtach don té a cheapfar an oiread ama agus is féidir a chaitheamh ar an láthair sna chéad sé mhí sa ról ar mhaithe le hionduchtúchán, comhoibriú agus aistriú eolais. Ina dhiaidh sin, beifear in ann socrú cumaisc a chur i bhfeidhm. B'fhearr dá mbeifí in ann suas le dhá lá a chaitheamh ar an láthair sa tseachtain.

## Uaireanta Freastail

Is iad na gnáthuaireanta oibre a bhíonn ann ná 37.5 uair an chloig sa tseachtain, 09:00 – 17:30 Luan go hAoine agus uair an chloig don lón.

Ceanglófar ar an té a cheapfar uaireanta breise oibre, a d'fhéadfadh a bheith réasúnach agus riachtanach d'fheidhmiú ceart dhualgais a róil, a dhéanamh ó am go ham faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin maidir le ham oibre. Ní bheidh rátaí ragoibre i gceist i gcás uaireanta breise oibre taobh amuigh de na gnáthuaireanta.

## Dul ar scor / Aoisliúntas:

Íocfaidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ranníocaíocht phinsin 5% le Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta an fhostaí.

## Promhadh

Beidh tréimhse ann tar éis don cheapachán teacht in éifeacht ina mbeidh an té a cheapfar fostaithe ar promhadh. Mairfidh an tréimhse phromhaidh sé mhí. Is féidir leis an bPríomhfheidhmeannach, dá rogha féin, síneadh a chur lena leithéid de thréimhse. Féadfar deireadh a chur le fostaíocht an duine i ndeireadh na tréimhse promhaidh de réir rogha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

Níl sa mhéid thuas ach príomhchoinníollacha na fostaíochta. Níl sé beartaithe mar liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad, a leagfar amach sa chonradh mionsonraithe fostaíochta a shocrófar leis an té a cheapfar.

## Forbairt Ghairmiúil

- **Oiliúint agus deimhniúchán:** Bítear ag tacú go gníomhach san Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta leis an bhforbairt ghairmiúil. Cuirfear maoiniú ar fáil d'oiliúint ábhartha agus deimhniúcháin chuí. Beidh an sochar fostaíochta seo ar fáil láithreach ó thús na fostaíochta.
- **Freastal ar chomhdhálacha**: Bíonn deiseanna ag fostaithe freastal ar chomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta d'Úsáideoirí FME agus Esri. Beifear in ann freastal ar imeachtaí náisiúnta láithreach, ar imeachtaí Eorpacha tar éis an tréimhse phromhaidh trí mhí a chur i gcrích go sásúil, agus ar Chomhdháil Úsáideoirí Esri in San Diego agus ar Chomhdháil Idirnáisiúnta Úsáideoirí FME in Vancouver nuair a bheidh bliain seirbhíse tugtha.

**PRÓISEAS AN IARRATAIS**

## Modhanna Roghnúcháin

D'fhéadfadh cuid ar bith den mhéid seo a leanas, nó é ar fad, a bheith i gceist sa phróiseas roghnúcháin:

- Gearrliostú iarrthóirí. Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a shocróidh an líon iarrthóirí a gheobhaidh cuireadh chun agallaimh. Is é Final Draft Mapping a dhéanfaidh an gearrliostú thar ceann an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta de réir na gcritéar atá sonraithe don phost agus bunaithe go hiomlán ar an bhfaisnéis i Litir Chumhdaigh agus CV an iarrthóra. Dá mbeadh an líon iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine acu, d'fhéadfadh Final Draft Mapping iarraidh ar líon teoranta iarrthóirí teacht go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin, in ainneoin na riachtanais incháilitheachta don chomórtas a bheith á gcomhlíonadh ag iarrthóir. Tá próiseas gearrliostaithe ag Final Draft Mapping mar sin chun grúpa iarrthóirí a roghnú arb iad is fearr a d'fhóirfeadh don phost bunaithe ar an CV agus Litir Chumhdaigh a scrúdú. Ní hé sin le rá nach n-oireann iarrthóirí eile don phost nó nach mbeidís in ann é a dhéanamh; is éard atá i gceist ná go bhfuil iarrthóirí áirithe ann a bhfuil an chosúlacht air, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil cáilíochtaí níos oiriúnaí agus/nó taithí níos ábhartha acu. B'fhéidir go n-úsáidfí na critéir riachtanacha agus na critéir inmhianaithe atá luaite don phost mar na critéir chun gearrliosta a chur le chéile. Is ar mhaithe leat féin é, mar sin, cuntas cruinn mionsonraithe a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/taithí sa Litir Chumhdaigh agus CV.
- Agallamh.
- An dara hagallamh ina mbeadh cur i láthair nó gníomh eile le cur i gcrích.
- Féadfaidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta painéal a chur le chéile óna gceapfar daoine le folúntais a líonadh ag an ngrád sonraithe amach anseo.

Tá sé beartaithe na hagallaimh a reáchtáil an tseachtain dar tús an 2 Samhain 2026 in oifigí an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Teach Ghort na Feá, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, an Campas Thiar, Cloch an Óir, Co. Phort Láirge, X91 PE03. D'fhéadfaí agallaimh chianda a shocrú ach ní dhéanfaí é sin ach i gcásanna eisceachtúla nach mbeadh an dara rogha ann. Is ar na hagallaithe atá an fhreagracht as áiseanna sásúla a bheith acu le páirt a ghlacadh in agallaimh ar líne.

Ní bheidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta freagrach as aon chostas a bheadh le híoc ag iarrthóir as freastal ar agallamh.

## Teistiméireachtaí

B'fhiú duit smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh fóirsteanach mar mholtóirí a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá d'fhostóir reatha a lua sna moltóirí, ach ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann teistiméireacht a thabhairt fút. I gcás duine de na moltóirí ar a laghad, is ceart caidreamh díreach tuairiscithe a bheith agat leis an duine go dtí seo. Ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann eolas a thabhairt ar chomhlíonadh do róil agus ar d'iompar i gcomhthéacs oibre, bunaithe ar do chuid oibre le gairid. B'fhéidir go roghnófá moltóirí a d'fhéadfadh eolas mar sin a thabhairt bunaithe ar dhearcadh difriúil nó comhthéacsanna difriúla oibre. Ní dhéanfaimid teagmháil leis na moltóirí ach amháin má chuirtear san áireamh thú nuair a bheidh céim an agallaimh thart. Má éiríonn an t-agallamh leat, beidh teistiméireacht ó d'fhostóir reatha de dhíth orainn sula mbímid in ann d'ainm a mholadh don cheapachán.

## Iarratas a Dhéanamh

Le hiarratas a dhéanamh ar an ról, iarrtar ort **curriculum vitae (C.V.) cuimsitheach a chur faoinár mbráid** ina leagtar amach go soiléir an taithí chuí agus na nithe ábhartha atá bainte amach agat i do ghairm bheatha go dtí seo. Is gá **litir chumhdaigh (trí leathanach ar a mhéad)** a chur isteach chomh maith. Caithfear teideal an róil a scríobh i líne an ábhair, achoimre a dhéanamh ar na cúiseanna a bhfuil dúil agat sa deis, agus na bealaí a ndéanann do chuid scileanna, eolais agus taithí riachtanais an róil a shásamh, dar leat. Ní mór gach iarratas a chur isteach chuig Glen Bambrick ag an Dréacht-Mapáil Deiridh ag baint úsáide as an bhfoirm ar líne ag an nasc seo a leanas: https://jobs.finaldraftmapping.com/job/gis-officer/

Má tá aon cheist agat maidir leis an ról, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh le Glen Bambrick trí ríomhphost ag info@finaldraftmapping.com nó glaoigh ar 083 357 0990.

## An Dáta Deiridh

Ní mór do CV agus Litir Chumhdaigh a chur faoinár mbráid faoi 5 i.n. Dé hAoine an 22 Deireadh Fómhair 2026 Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an sprioc-ama sin.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le do thoil le: info@finaldraftmapping.com

## Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do chomhdheiseanna do gach iarrthóir. Más rud é go bhfuil tú faoi mhíchumas nó má theastaíonn freastal réasúnta uait le linn an phróisis earcaíochta, molaimid duit muid a chur ar an eolas faoin méid sin le go bhfaighidh tú an tacaíocht chuí. Má bhíonn socruithe eile nó freastal réasúnta de dhíth ar dhuine, ní dhéanfaidh sé sin difear ar bith don phróiseas roghnúcháin. Caithfear go huile is go hiomlán faoi rún le haon fhaisnéis a thabharfar.

## Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar

Ní bheidh aon éileamh breise ar bhreithniú ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh san áit agus am a n-éilíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, ná ag iarrthóirí nach gcuireann an fhianaise ar fáil a éilíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, nuair a iarrtar í, maidir le haon ní a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

## An Tréimhse chun glacadh le Tairiscint

Maidir leis an té dá ndéanfar an ceapachán a thairiscint, teastóidh ón Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta go dtosódh an duine sin taobh istigh de thrí mhí. Mura n-éiríonn leis an duine tosú sa cheapachán taobh istigh den tréimhse sin, nó taobh istigh de thréimhse níos faide arna socrú ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta dá lánrogha féin, ní dhéanfaidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta an duine sin a cheapadh.

**AGUISÍN 1**

Na príomhinniúlachtaí don phost seo

Tá creat inniúlachtaí curtha le chéile don ról mar **Oifigeach GIS**.

Is iad seo a leanas na príomhinniúlachtaí don ról:

| Inniúlacht | Iompraíochtaí |
|---|---|
| **Torthaí a bhaint amach** | • Obair a phleanáil agus a leagan amach de réir tosaíochtaí chun spriocanna comhaontaithe a bhaint amach.<br>• Cruinneas agus beaichte a dheimhniú i ngach tasc<br>• Cuireann seiceálacha críochnúla dearbhaithe cáilíochta i gcrích agus déanann tacair sonraí a bhailíochtú chun caighdeáin arda den tsláine sonraí a choimeád.<br>• Duine a ghlacann úinéireacht ar cheisteanna maidir le GIS agus cúrsaí sonraí, agus a oibríonn go réamhghníomhach chun fadhbanna teicniúla nó fadhbanna le sonraí spásúla a aithint, a dhiagnóisiú agus a réiteach.<br>• Duine a chloíonn le hiarrataí ar shonraí, le haschuir mhapála agus le torthaí insoláthartha i dtionscadail ionas go gcuirtear an obair i gcrích go sásúil in am cuí.<br>• Aithníonn an duine rioscaí, bearnaí sonraí nó cásanna neamhéifeachtúlachta a d'fhéadfadh a bheith i sreafaí oibre GIS nó córais faisnéise bithéagsúlachta agus téann i mbun gnímh chun iad a réiteach.<br>• Cuireann leis an obair chun pleananna tionscadail nó oibríochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus bíonn ag tacú le misean an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta sonraí maidir leis an mbithéagsúlacht a bhailiú, a bhainistiú agus a chur ar fáil.<br>• Duine a dhéanann cinntí tráthúla eolasbhunaithe, atá stuama sna cinntí a dhéantar agus a léiríonn tuiscint ar impleachtaí ar bhonn níos leithne ó thaobh cláir agus beartais de.<br>• Duine a dhéanann iarracht córais a fheabhsú, próisis sonraí a chuíchóiriú, agus inrochtaineacht agus cáilíocht na faisnéise bithéagsúlachta a fheabhsú as a stuaim féin. |
| **Cumarsáid Éifeachtach agus Éifeachtacht Phearsanta** | • Duine a fhorbraíonn agus a chothaíonn caidrimh oibre éifeachtacha ar gach leibhéal den eagraíocht – leibhéil theicniúla, eolaíocha, riaracháin – agus le páirtithe leasmhara seachtracha, comhlachtaí acadúla, |

| | |
|---|---|
| | gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, srl.<br>• An cumas faisnéis chasta maidir le cúrsaí spásúla, éiceolaíocha nó teicniúla a mhíniú ar bhealaí sothuigthe ag pobail theicniúla agus neamhtheicniúla.<br>• An cumas doiciméid shoiléire struchtúrtha a chur ar fáil, lena n-áirítear modheolaíochtaí GIS, sreafaí oibre spásúlachta, caighdeáin mhapála, doiciméid sonraí agus tuairiscí teicniúla.<br>• Duine a iarrann agus a chuireann fáilte roimh chomhairle agus aiseolas. An cumas dul i gcion ar dhaoine agus ar chásanna le spriocanna a bhaint amach. |
| **Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe** | • Duine a ghlacann úinéireacht ar chúraimí agus a chuireann obair ardchaighdeáin i gcrích<br>• Duine a léiríonn cur chuige réamhghníomhach i leith fadhbanna a réiteach, a théann sa tóir ar fhreagraí seachas fanacht le treoir a fháil.<br>• Cuireann an duine ar bhealach dearfach le timpeallacht foirne chomhoibríoch, duine atá sásta saineolas ar GIS agus ar bhainistiú sonraí a roinnt ar chomhghleacaithe chun tacú leo agus chun cur le héifeachtacht iomlán na foirne.<br>• Duine a dhéanann caidrimh láidre a fhorbairt agus a chothú le foirne inmheánacha agus comhpháirtithe seachtracha.<br>• Téann in oiriúint d'athruithe ar thosaíochtaí nó ar riachtanais tionscadail, léiríonn solúbthacht agus tiomantas chun cuspóirí coiteanna san eagraíocht a bhaint amach. |
| **Eolas Teicniúil agus Taithí** | • Ról an Oifigigh GIS san Fhoireann Seirbhísí Digiteacha san Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a thuiscint.<br>• Eolas feidhmiúil breá ar phrionsabail córas faisnéise geografaí agus ar choincheapa mapála (greillí, teilgin, trasfhoirmithe, ginearálú, cruinneas, beachtas, srl.)<br>• Taithí phraiticiúil ar chomhpháirteanna ArcGIS Online (féach an mhír thuas dar teideal *Critéir Riachtanacha don ról*).<br>• Eolas feidhmiúil an-mhaith ar ArcGIS Pro.<br>• Tuiscint, ar a laghad, ar an rud is FME ann agus ar na hábaltachtaí is féidir a thabhairt chuig eagraíocht de bharr FME. |